



Céimeanna Praiticiúla maidir le Dea-Chleachtais Aerála i Scoileanna V3

Bealtaine 2021

Is é an bealach is fearr is féidir le scoileanna cosc a chur le teacht isteach agus scaipeadh COVID-19, agus iad ag feidhmiú de réir cheanglais na comhairle Sláinte Poiblí ón Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) agus an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte atá forbartha ag an Údarás Sláinte & Sábháilteachta, ná Plean Freagartha COVID-19 a chur i bhfeidhm. Tá fáil ar na cáipéisí seo ag www.gov.ie/backtoschool.

Cuimsíonn an treoir sláinte poiblí d'athoscailt scoileanna agus saoráidí oideachais roinnt moltaí ginearálta tábhachtacha faoi chleachtais aerála i scoileanna. Moltar go láidir do scoileanna:

- Féidearthacht a mheas maidir le haeráil an tseomra, go háirithe seomraí ranga, seomraí sosa agus ceaintíní, a fheabhsú gan míchompord a chruthú.
- A chinntiú, más féidir, go mbíonn doirse agus fuinneoga oscailte chun aeráil nádúrtha a mhéadú.
- Sreabhadh aeir agus aeráil a mhéadú má cheadaíonn an aimsir a leithéid.

Ba cheart na bearta praiticiúla seo a leanas faoi dhea-chleachtais aerála a leathadh i scoileanna a ghlacadh nuair a bhíonn na Pleananna Freagartha COVID-19 á gcur i bhfeidhm ag scoileanna:

1. Ba chóir go mbeadh sé mar chur chuige uileghabhálach ag scoileanna fuinneoga a bheith ar oscailt chomh hiomlán agus is féidir nuair nach mbíonn seomraí ranga in úsáid (m.sh. ag am sosa nó ag am lóin agus ag deireadh gach lae scoile freisin) agus iad a bheith oscailte i bpáirt nuair a bhíonn seomraí ranga in úsáid. Is fiú a bheith san airdeall nach gá na fuinneoga a bheith oscailte chomh leathan céanna in aimsir ghaofar/níos fuaire chun an leibhéal céanna sreabhadh aeir a bheith ag teacht isteach sa seomra ranga. Cuideoidh sé seo le leibhéal chompord a bhainistiú i seomraí ranga nuair a bhíonn an aimsir níos fuaire.
2. Toisc go mbíonn formhór na scoileanna ag brath ar fhuinneoga a oscailt (i.e. aerú nádúrtha) tá sé tábhachtach a bheith ábalta fuinneoga agus gaothairí aeir a rochtain agus a oscailt.
3. Ba cheart seomraí a aerú go maith gach lá sula mbaintear úsáid astu. Is féidir é seo a dhéanamh trína chinntiú go n-osclaítear na fuinneoga i ngach seomra ag deireadh an lae scoile gach tráthnóna (iad oscailte a mhéid agus is féidir go praiticiúil agus go sábháilte, ach aird tugtha freisin ar shaincheisteanna slándála) ar feadh 15 nóiméad ar a laghad chun an seomra a aerú go hiomlán.
4. Ba cheart, nuair is féidir, na fuinneoga a bheith oscailte freisin ag am sosa agus ag am lóin ar feadh 15 nóiméad ar a laghad.
5. Don chéad rang den lá scoile ba chóir, de réir mar a cheadaíonn an aimsir, na fuinneoga a oscailt i bpáirt (de réir na teorach sa doiciméad seo) chun an seomra a

choinneáil úr agus plúchadh agus comhdhlúthú srl. a chosc. Tá sé seo sa bhreis agus mar chomhlánú ar aerú dheireadh an lae atá luaite thuas.

6. Is féidir an úsáid is fearr a bhaint as aerú fuinneog a leathadh go nádúrtha ar fud an tseomra gan míchompord a chruthú má bhíonn roinnt fuinneog oscailte de réir mar is gá seachas fuinneog amháin a bheith lán-oscailte.
7. In aimsir níos fuaire is féidir tionchar fuaraithe a mhaolú trí na fuinneoga is gaire do, agus os cionn, na dteasairí a oscailt.
8. Tá sé tábhachtach a chinntiú nach gcuireann troscán, nó dallóga agus cuirtíní na bhfuinneog, bac ar ghluaiseacht aeir.
9. Ba chóir cúinsí áitiúla a chur san áireamh ina mbeadh gá le fuinneoga breise a oscailt ag amanna áirithe, ar nós gníomhaíochtaí tar éis am sosa,.
10. Ba cheart do bhainistíocht agus d'fhoireann na scoile táscairí iontaofa, ciallmhara a chur san áireamh maidir le haer úr leordhóthanach a bheith sa seomra. Áirítear le táscairí dá leithéid nach mbíonn seomra plúchta agus/nó nach mbíonn comhdhlúthú ag tarlú ar ghloine na bhfuinneog.
11. Ba cheart do scoileanna a chinntiú freisin go mbíonn na buan-oscailtí aerála go léir i seomraí oscailte go hiomlán agus nach mbíonn bac toisc rudaí a bheith crochta ar na ballaí srl. Ba chóir iad seo go léir a choinneáil ar oscailt i gcónaí. Má bhíonn siad téipeáilte agus séalaithe ar mhaithe le maisithe, ba chóir an téip/séalú a bhaint. De ghnáth, bíonn gríl aerála ciorclach nó dronuilleogach sna hoscailtí ar bhalla seachtrach an tseomra ranga nó bíonn aerálaithe líneacha sliotán i bhfrámaí na bhfuinneog. Ba chóir iad seo go léir a choinneáil ar oscailt an t-am ar fad. Mura mbíonn aeráil chúlra bhuan ag seomra, ba cheart a leithéid de sholáthar a mheas le bheith ann bunaithe ar chomhairle ghairmiúil tógála agus na Rialacháin Foirgníochta reatha.
12. Ba cheart gach córas aerála meicniúil agus aon chórais aerchóirithe a shocrú ag aer úr 100%. Ba cheart aon aonaid aerchóirithe nach féidir leo feidhmiú ar aer úr 100% (seiceáil le soláthraithe aonaid má táthar in amhras) a mhúchadh agus a fhágáil múchta mura mbíonn sé comhlánaithe ag soláthar aeir leordhóthanach lasmuigh ar nós fuinneoga in-oscailte, a chuideoidh aer lasmuigh a sholáthar d'áititheoirí agus compord teirmeach a choinneáil.
13. Mura mbíonn aon chórais aerála aitheanta sna pasáistí agus ar na staighrí agus iad ag brath ar insíothlú aeir ó spásanna in aice láimhe, mar a tharlaíonn le go leor spásanna gluaiseachta, ba chóir breathnú maidir leis na ceantair seo a aeráil roimh agus tar éis am sosa trí dhoirse a oscailt srl. Caithfear straitéis dóiteáin an fhoirgnimh a chur san áireamh nuair a bhíonn a leithéid seo á dhéanamh. Má bhíonn fuinneoga a osclaíonn ar na staighrí, ba chóir a n-úsáid a mheas.
14. D'fhéadfaí cuidiú le gluaiseacht aeir agus an ráta aerála a mhéadú má choinnítear doirse inmheánacha na seomraí ranga ar oscailt ar feadh tréimhsí. Tras-aerú a thugtar air seo. Bíonn an toradh céanna ann má fhágtar na fuinneoga ar oscailt ar gach taobh den seomra, nuair is féidir. Is féidir an cur chuige tras-aerála seo a fheabhsú tuilleadh trí oscailtí a úsáid ag foircinn trasánacha agus dá réir sin sin an acmhainn sreabhadh aeir a uasmhéadú tríd an seomra iomlán. Tá sé tábhachtach a bheith san airdeall nár chóir doirse dóiteáin a fhágáil oscailte ach amháin má bhíonn dúnadh uathoibríoch orthu ionas gur féidir leo feidhmiú mar dhoirse dóiteáin má tharlaíonn aláram nó tine.

15. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar aerú cuí ar sheomraí foirne, oifigí agus áiteanna eile a bhíonn in úsáid ag an bhfoireann go príomha, ag tabhairt airde go mbíonn siad seo in úsáid ag grúpaí éagsúla ag amanna éagsúla. Ba chóir córais eastósctha aeir lena n-áirítear cochail sceite/cócaireáin a áireamh le húsáid le linn áitíochta - ar luas íseal más gá. Tá na bearta aerála seo sa bhreis ar na prótacail maolaithe sainordaithe eile, lena n-áirítear fadú sóisialta, aghaidh chumhdaigh a chaitheamh agus glanadh leordhóthanach.
16. Ba cheart do scoileanna a chinntiú go ndéantar aerú cuí ar áiteanna ar nós saoráidí sláintíochta¹, seomraí gleacaíochta, seomraí ilúsáide agus leabharlanna srl. a bhíonn in úsáid ag grúpaí éagsúla daltaí agus ba cheart a chinntiú go mbíonn fuinneoga, agus aon fhean eastarraingthe a bhíonn ar fáil, oscailte nuair a bhíonn na spásanna seo in úsáid.
17. Ba chóir tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ar nós amhránaíocht nó seinm uirlisí gaoithe nó cleachtadh coirp óna bhféadfadh leibhéal arda aerasóil riospráide teacht, lasmuigh.
18. Is féidir le scoileanna ina n-aithnítear gan dóthain aerála a bheith i seomra a ndeontas mionoire (do mhionfheabhsuithe) a úsáid nó iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais oibreacha éigeandála chun dul i ngleic le feabhsuithe aerála buan. Is í tréimhse shaoire an tsamhraidh an tréimhse is fearr chun tabhairt faoi aon oibreacha a chuireann as do spásanna teagaisc.
19. Mar chuid de leibhéal chompond a bhainistiú i seomraí ranga, ba cheart do scoileanna a gcoirí a sheiceáil lena chinntiú go socraítear an teocht oibríochta ag na leibhéil treorach atá molta ag na déantúsóirí chun an teas atá ar fáil don scoil a uasmhéadú. Ina theannta sin, ba cheart an teas a bheith ar siúl ar feadh tréimhsí níos faide nuair a bhíonn an aimsir níos fuaire chun dul i ngleic, a mhéid agus is féidir, le tionchar oscailt na bhfuinneog (i bpáirt nuair a bhíonn seomraí ranga in úsáid agus go hiomlán nuair nach mbíonn siad in úsáid) ar mhaithe le cothromaíocht chúí a choinneáil idir aeráil agus leibhéal chompond.

Measann an Roinn gur leor na céimeanna praiticiúla agus céimnithe thuas chun deachleachtas aerála a chinntiú ar scoil agus ag an am céanna cothromaíocht chúí a chinntiú idir aeráil agus compord.

Monatóirí Dé-Ocsaíd Charbóin (CO₂)

Is féidir úsáid na mbearta seo a fhorlíonadh agus a fheabhsú trí mhonatóirí dé-ocsaíd charbóin CO₂ a úsáid. Is féidir leis na monatóirí seo tuairim ghinearálta úsáideach a sholáthar maidir le háiteanna/seomraí nach bhfuil aeráilte go leordhóthanach agus a chur ar chumas áititheoirí a bheith feasach ar thionchar na ngníomhaíochtaí, na haimsire lasmuigh agus oscailtí fuinneog ar leibhéal dea-aerála laistigh de sheomra.

Tá monatóirí dá leithéid ar fáil cheana féin mar chuid de na tionscadail nua tógála scoile a cuireadh i gcrích ó 2019 ar aghaidh toisc an leibhéil is airde aerdhíonachta ag foirgnimh den leithéid.

Chun tacú tuilleadh le scoileanna seomraí go mb'fhéidir nach bhfuil dóthain aerála iontu a aithint agus leibhéal chompond a bharrfheabhsú trí thuiscint níos fearr a fháil ar an méid oscailt fuinneog is gá i seomraí, déanfaidh an Roinn socrú go soláthrófar roinnt aonad iniompartha do scoileanna (bunaithe ar mhéid gach scoile). Cuirfear iad seo ar fáil go huathoibríoch do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais agus ar bhonn iarratais do scoileanna ina ngearrtar táillí. Beidh na haonaid iniompartha agus beifear in ann iad a thiomáint trína soicéad cumhachta féin nó trí chábla USB a bhíonn

¹ Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go ndéantar, mar bheart réamhchúraim, leithris a shruthlú leis na claibíní dúnta.

ceangailte le ríomhaire. Cuirfear na haonaid ar fáil do scoileanna sna míonna amach romhainn. Tá tuilleadh faisnéise agus ceisteanna coitianta ar fáil [anseo](#).

Ba cheart toisí a ghlacadh thar 1 uair an chloig ar a laghad, ionas go mbaineann na léamha staid seasta amach agus go mbailítear sampla ionadaíoch sonraí (Air Infiltration and Ventilation Centre, 2020). Ní bhíonn toisí gearrthéarmacha/ spot-toisí iontaofa agus níor cheart iad a úsáid.

Glantóirí Aeir

Má chuirtear na bearta thuas i bhfeidhm, agus go leanann lag-aeráil i seomra/spás ar leith, féadfar glantóirí aeir a áireamh mar bheart breise i dteannta le modhanna aerála eile atá ar fáil. Níl aon réiteach amháin a oireann do gach cás, bíonn gá le hanailís agus roghnú shaincheaptha chun an t-aonad/na haonaid chuí a mheitseáil le méid agus toirt sonracha an tseomra. Má tharlaíonn, tar éis dul i gcomhairle le soláthraí, go mbraitheann scoil go bhfuil gá le sainchomhairle theicniúil shonrach maidir leis an spás aonair, ba cheart cúnaimh Innealtóra Cairte nó Ailtire Cláraithe a éileamh. Tá tuilleadh sonraí agus ceisteanna coitianta ar ghlantóirí aeir ar fáil [anseo](#).